## Stiúrthóir Ábhair

**Conradh ar théarma seasta 7 mbliana**

Is mian le TG4 Stiúrthóir Ábhair ar chonradh ar théarma seasta seacht mbliana a earcú. Ag freagairt don Ard-Stiúrthóir, beidh an Stiúrthóir Ábhair i bhfeighil straitéis ábhair TG4 a stiúradh agus a chur i bhfeidhm de réir straitéis TG4, riachtanais an lucht féachana agus riachtanais sceideal ar gach ardán. Beidh an Stiúrthóir Ábhair i bhfeighil fhoireann ábhair TG4 agus beidh an té a cheapfar ina bhall d'fhoireann ardbhainistíochta TG4.

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar ardáin dhigiteacha.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin is riachtanas é go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Beidh an post seo lonnaithe i gceannáras TG4 i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe agus tá polasaí solúbtha oibre i bhfeidhm ag TG4.

### Eolas faoin bPost

Deis ar leith é seo chun duine a bhfuil ardchumas cruthaitheachta agus eagarthóireachta ann a cheapadh ar fhoireann shinsearach TG4 chun straitéis ábhair chruthaithigh TG4 a threorú agus a chur i bhfeidhm. Beidh an té a cheapfar freagrach as straitéis ábhair dhána, éagsúil agus nuálach, a fhreastalaíonn ar lucht féachana na Gaeilge ar fud an domhain sa ré ilardán seo, a chur i bhfeidhm.

Beidh fís chruthaitheach ag an té a cheapfar chun ábhar a choimisiúnú trasardáin, ag cinntiú go mbeidh ról ar leith TG4 mar mheán seirbhíse poiblí na Gaeilge i réim i margadh domhanda na meán. Beidh sárthuiscint ag an iarrthóir ar nósanna agus ar mhianta an lucht féachana atá ag athrú agus ar na dúshláin atá ann lucht féachana a mhealladh sa ré dhigiteach.

Ceannaire a bhfuil cur chuige cruthaitheach spreagúil aige, mar aon le scileanna idirphearsanta den scoth, atá á lorg don ról seo. Ní mór taithí i ról bainistíochta, ar chomhpháirtíochtaí agus idirbheartaíochtaí a bhainistiú agus ar chumasú foirne a bheith ag

an iarrthóir. Cuirfidh an t-iarrthóir timpeallacht mhaith oibre chun cinn i measc na foirne agus san earnáil léiriúcháin chun tallann nua a chothú agus a chumasú.

Beidh tuiscint ag an iarrthóir ar shonraí atá bunaithe ar fhianaise a úsáid, ina measc, léargais lucht féachana trasardáin a úsáid chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir leis an straitéis coimisiúnaithe agus maidir le branda TG4 a fhorbairt agus a lucht féachana a fhás.

Beidh eolas ag an té a cheapfar ar an gcaoi is fearr le hairgead poiblí a úsáid chun spriocanna cruthaitheacha TG4 a bhaint amach. Beidh taithí mhór ag an iarrthóir ar ábhar a léiriú agus a choimisiúnú mar aon le dea-cháil ar an té sin san earnáil léiriúcháin agus craoltóireachta nó i réimse inaistrithe eile.

**Beidh an té a cheapfar freagrach as an obair seo a leanas maille le cúraimí eile:**

- Straitéis ábhair TG4 a fhorbairt don ré ilardáin i gcomhar leis an Ard-Stiúrthóir agus na foirne ábhair agus lucht féachana i gcomhthéacs straitéis TG4.
- An próiseas coimisiúnaithe ábhair a threorú agus a chur i gcrích ar ardchaighdeán.
- Cultúr cruthaitheach agus smaointeoireachta cruthaithí a chumasú sa rannóg ábhair agus le páirtithe leasmhara san earnáil léiriúcháin agus eile.
- Cur le Branda TG4 trí threoir chruthaitheach a thabhairt ar ábhar atá á léiriú do TG4.
- Beidh sé de chúram ar an té a cheapfar croíluachanna TG4 a chur chun cinn: Is iad sin an Ghaeilge, Ceangal, Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Comhoibriú agus Obair Foirne, Solúbthacht, Ionracas agus Freagracht agus Seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don lucht féachana.
- Timpeallacht oibre a chur ar fáil ina spreagtar an obair chruthaitheach is fearr.
- Cinntí stuama agus cruthaitheacha a ghlacadh nuair is gá, a mbeidh fíricí agus fianaise mar thacaíocht acu, ag glacadh gnéithe éagsúla chun leasa TG4 agus an lucht féachana san áireamh.
- Caidrimh TG4 leis an earnáil neamhspleách léiriúcháin a bhainistiú agus a fhorbairt i gcomhthéacs na comhpháirtíochta.
- A chinntiú go gcuireann TG4 próiseas coimisiúnaithe ábhair atá cothrom agus éifeachtach i bhfeidhm chun an t-ábhar is fearr agus is féidir a chur ar fáil don lucht féachana.
- A chinntiú go gcuireann TG4 próiseas comhlíontachta ábhair atá éifeachtach i bhfeidhm chun ábhar comhlíontach a chur ar fáil don lucht féachana.
- Treoir eagarthóireachta a thabhairt don fhoireann ábhair nuair a theastaíonn sin
- Treoir i dtaobh comhlíontacht ábhair a thabhairt don Eagarthóir Comhlíontachta Coimisiúnaithe nuair a theastaíonn sin.
- Cumas agus scileanna cruthaitheacha na foirne a fhorbairt.
- Caidrimh a bhunú agus deiseanna comhoibrithe a lorg le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta bunaithe ar spriocanna lucht féachana TG4.
- Idirbheartaíocht a dhéanamh le heagrais éagsúla nuair is gá
- A chinntiú go bhfuil cumarsáid mhaith idir baill foirne agus go bhfuil eolas á roinnt go héifeachtach i measc d'fhoirne féin agus le comhbhainisteoirí agus comhghleacaithe.

- Comhoibriú leis an ardbhainistíocht maidir le hobair na heagraíochta agus leis an obair a bhíonn ar bun le heagraíochtaí eile.

**Nithe atá riachtanach don phost seo. Ní foláir:**

- Taithí mhór a bheith agat ar choimisiúnú, eagarthóireacht nó léiritheoireacht ag leibhéal sinsearach maidir leis na meáin chraolta nó meáin eile.
- Cur chuige straitéiseach a úsáid i leith do chuid oibre.
- A bheith dírithe ar an todhchaí, agus a bheith sásta glacadh le bealaí nua smaointeoireachta chun lucht féachana nua a mhealladh.
- Taithí chruthaithe a bheith agat ar bheith ag bainistiú foirne, ag déanamh idirbheartaíochta agus ag plé le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe ar leibhéal sinsearach.
- Sárthuiscint agus taithí an-mhaith a bheith agat ar ardáin dhigiteacha.
- Tuiscint mhaith a bheith agat ar chearta ábhair sa ré ilardán
- Go mór ar son na féinfhorbartha agus na féinfhoghlama agus bíonn cothrom le dáta maidir le forbairtí agus taighde a bhaineann le hearnáil na meán.

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach, go solúbtha agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.

**Seol litir iarratais chomh maith le cáipéis (2 leathanach) ina léirítear an uaillmhian atá agat don phost Stiúrthóir Ábhair chuig cv@tg4.ie nó chuig Oifig an Ard-Stiúrthóra, TG4, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, H91 X4T0, roimh 4pm Dé hAoine an 21 Samhain 2025.**

## Eolas Breise don Iarratasóir

**Grád an Phoist:** Grád 1

**Uaireanta Oibre:**
39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil le solúbthacht ó am go ham, lena n-áirítear obair lasmuigh d'uaireanta oifige, roinnt deireadh seachtaine agus laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**
Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 25 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**
Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:** Beidh taisteal i gceist ó am go ham mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí Eile le bheith ag obair le TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• Scéim na Rothar chun Oibre |